C/2026/2803

20.5.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal (97(4) an chéad fhomhír i gcomhar le hAirteagal 105(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/2803)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún ([1]), i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

‘Segarcea’

PDO-RO-A1214-AM02

Dáta an iarratais: 23.1.2024

1. Iarratasóir agus leas dlisteanach

COMHLACHAS GAIRMIÚIL DOMENIILE SEGARCEA

Déanann comhlachas gairmiúil Domeniile Segarcea ionadaíocht do limistéar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) Segarcea.

2. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear

- ☐ Ainm an táirge
- ☒ Catagóir an táirge fíniúna
- ☒ Nasc
- ☐ Srianta margaíochta

3. Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú

1. *Catagóir nua fíona a thabhairt isteach: fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Idir 2004 agus 2020, athphlandaíodh limistéir mhóra fíonghort i limistéar críochaithe ATFC Segarcea. Is cineálacha dúchasacha iad na cineálacha a chuirtear go ginearálta, arna gcomhlánú le clóin i bhfad níos luachmhaire de chineálacha caighdeánacha, a léiríonn a n-acmhainneacht trí fhíonta a tháirgtear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nuachóirithe. Is gá catagóirí nua fíona a tháirgeadh i limistéar Segarcea, áit a bhfuil tionchar ag an athrú aeráide domhanda ar an aeráid réigiúnach – rud atá cosúil le haeráid gach réigiúin fíonsaothrúcháin Eorpaigh eile – chun freagairt d’éagsúlú blasanna tomhaltóirí, atá tar éis aistriú le blianta beaga anuas i dtreo cineálacha nua táirgí a bhfuil naisc shonracha leis an limistéar táirgeachta nó le modhanna táirgthe mar shaintréith acu.

Le blianta beaga anuas, rinneadh infheistíochtaí chun bonneagar táirgthe agus teicneolaíochtaí táirgthe laistigh de limistéar ATFC a nuachóiriú, ag cur leis an traidisiún agus le luach na bhfíonta socra ar a bhfuil ATFC Segarcea agus a aithnítear ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Mar thoradh air sin, is féidir cineálacha breise fíonta a tháirgeadh, agus tá spéis ag roinnt mhaith táirgeoirí sa limistéar faoi láthair i bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, ar táirgeoirí iad a bhfuil rún acu an bunfhíon a tháirgeadh le haghaidh fíon súilíneach chomh maith leis an táirge críochnaithe féin a tháirgeadh laistigh den limistéar geografach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Bhí fíon súilíneach ar ardchaighdeán á tháirgeadh cheana féin i limistéar críochaithe ATFC Segarcea breis agus céad bliain ó shin, agus úsáid á baint as modh traidisiúnta an dara coipeadh sa bhuidéal. Díoladh an fíon súilíneach ar na margaí intíre agus eachtracha. Tháirg fíonlann an teaghlaigh ríoga fíon súilíneach den chaighdeán is airde in Segarcea roimh an gCéad Chogadh Domhanda (de réir an fhoilseacháin *Buletinul Agriculturii* [Feasachán Talmhaíochta], Iml. IV, 1923).

I bhfianaise an mhéid sin, tá sé beartaithe ag táirgeoirí fíonta súilíneacha a tháirgeadh trí úsáid a bhaint as an modh coipthe i mbuidéal agus as an modh coipthe in umar, atá níos nuaí agus i bhfad níos inrochtana, a dhéantar in umair bhrúsheasmhacha (umair nó uathchláibh 'acrotofor').

D'fhéach táirgeoirí fíonta socra i limistéar ATFC Segarcea le traidisiún a athbheochan agus leas á bhaint acu freisin as acmhainneacht fíona an limistéir trí chineál nua táirge a tháirgeadh a bhfuil éileamh air ar mhargadh na dtomhaltóirí fíona, is é sin fíon súilíneach ar ardchaighdeán.

Leasaíodh Caibidil I den tsonraíocht agus pointe 3 den doiciméad aonair.

2. *Tásc na gcineálacha chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh*

Ós rud é go mbaineann an t-iarratas le táirgeadh fíona shúilínigh ar ardchaighdeán i limistéar ATFC Segarcea, leagtar amach sa tsonraíocht na cineálacha fíonchaor a cheadaítear don chatagóir fíona sin, is é sin:

— cineálacha geala: Fetească albă, Fetească regală, Pinot gris, Chardonnay, Viognier;

— cineálacha aramatacha: Tămâioasă românească, Tămâioasă roză;

— cineálacha dearga: Pinot noir, Fetească neagră, Merlot.

Leasaíodh Caibidil II den tsonraíocht, gan aon athrú ar an doiciméad aonair.

3. *Tásc an chleachtais fhíoneolaíoch le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Forlíonadh an tsonraíocht le cleachtais fhíoneolaíocha le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán d'fhonn a táirgeadh a éagsúlú.

Leasaíodh Caibidil IX den tsonraíocht, gan aon athrú ar an doiciméad aonair.

4. *Tásc an chleachtais theicneolaíoch le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Forlíonadh an tsonraíocht le mionsonraí gearra áirithe maidir leis an gcleachtas teicneolaíoch chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh, amhail coipeadh in umair bhrúsheasmhacha, coipeadh sa bhuidéal agus an chéim dháileogachta lena mbaineann licéar dáileogachta a chur isteach.

Leasaíodh Caibidil X den tsonraíocht, gan aon athrú ar an doiciméad aonair.

5. *Tásc saintréithe anailíseacha agus tréithe orgánaileipteacha le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Chun comhlíonadh na reachtaíochta is infheidhme maidir le ATFC a áirithiú maidir le saintréithe anailíseacha agus tréithe orgánaileipteacha na gcatagóirí fíona a léiriú, forlíonadh an tsonraíocht leis na paraiméadair sin le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán, an chatagóir a iarradh le haghaidh táirgthe.

Leasaíodh CAIBIDIL XI den tsonraíocht agus pointe 4 den doiciméad aonair.

6. *Tásc na ndálaí lipéadaithe/margaíochta le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Chun a áirithiú go gcomhlíonfar an reachtaíocht maidir le lipéadú catagóirí fíona, ní mór tásca sainordaitheacha agus roghnacha áirithe a áireamh sa tsonraíocht le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán.

Leasaíodh CAIBIDIL XII den tsonraíocht agus pointe 4 den doiciméad aonair.

7. *An nasc leis an limistéar le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán a fhorlíonadh*

Chun an reachtaíocht is infheidhme maidir le ATFC a chomhlíonadh maidir leis an tuairisc ar nasc na catagóire táirge leis an limistéar geografach, forlíonadh an tsonraíocht leis an nasc sin le haghaidh fíon súilíneach ar ardchaighdeán, agus cuireadh isteach mionsonraí lena léirítear an nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus fíon súilíneach ar ardchaighdeán.

Leasaíodh Caibidil II den tsonraíocht agus pointe 8 den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Segarcea

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta socra geala*

Bíonn dath buí éadrom na tuí ar na fíonta geala mar aon le gealáin scothghlasa, a léiríonn dea-bholaithe diana acáise atá díreach faoi bhláth agus blátha troim. Is é an toradh a bhíonn ar aosú in umair ar mhoirt mhín, mar aon le coipeadh fada, nótaí féir agus blátha troim, torthaí andúchasacha, péitseog agus mealbhacáin, rud a bhíonn le brath sa tsrón agus sa bhéal araon. Úire agus brisce is mó atá sa bhlas, mar aon le le haigéadacht citris os cionn an mheáin, nótaí bláthanna agus torthaíocha agus iarbhlas fada marthanach, ag a bhfuil tacaíocht ó struchtúr daingean torthaí aibí, ime, *brioche* the, citris agus cnónna coill atá díreach rósta. Taispeánann na fíonta aramatacha (tirim/leath-thirim) cumhracht de rósanna, laíon torthaí milse agus bláthanna bána, le dea-bholaithe clasaiceacha Muscat, blas úr, aigéadacht, beogacht agus struchtúr tathagach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	4,0 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

2. *Fíonta dearga socra*

Bíonn dath idir dearg corcairghorm agus dearg scothchorcra agus dath dorcha an rúibín, dath an rúibín le himireacha corcairghorma, dath geal, dath láidir an ghairnéid agus donnrua ar na fíonta dearga, fiú nuair a aibítear iad thar thréimhse ghearr. Leis na teicnící fíonóireachta a úsáidtear, baintear amach eastóscadh is mó datha agus tainniní in éineacht le dea-bholaithe agus blasanna fíneálta adhmaid agus fanaile, agus srón torthaí den chuid is mó (silíní, súitha craobh agus súitha talún) agus beagán den spríosracht. Sa bhéal, léiríonn na fíonta cothromaíocht mhaith idir torthaí agus liocras, le ruainníní fíneálta d'adhmad tóstáilte, tá siad maothlach, agus tá tainniní dea-chomhtháite acu agus blas tathagach orthu sa bhéal. Is iad caora, subha agus luibheanna aramatacha na príomhbhlasanna, agus bíonn blasanna adhmaid agus fanaile sna fíonta a aosaítear i mbairillí.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	4,0 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	20
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

3. *Fíonta socra* rosé

Forbraíonn fíonta a aibítear ar mhoirt mhín in éineacht le *bâtonnage* saintréith úr thorthaíoch, agus bíonn nótaí cuiríní dearga, silíní searbha agus silíní bána orthu. Bíonn na dea-bholaithe dian, iad ina ndea-bholaithe caor dearg, suibhe, sú craobh agus silíní searbha. Tá na fíonta maothlach agus cothrom, agus tá aigéadacht úr acu. Tá an dath idir dath dorcha an bhradáin agus dath bándearg chraiceann an oinniúin. Léiríonn dea-bholaithe silíní bána, peitil róis, piobarchaor glas, mil agus súitha talún fiáine. Bíonn an blas úr agus an-torthaíoch, agus bíonn aigéadacht bhríomhar agus iarbhlas dian ann. Táirgtear na fíonta *rosé* freisin trí úsáid a bhaint as próisis fíonóireachta thraidisiúnta as a n-eascraíonn dea-bholaithe arb iad nótaí torthaí silíní, súitha craobh agus súitha talún is mó a bhíonn orthu. Sa bhéal, léiríonn siad blasanna torthaíocha (péitseog lánaibí agus aibreog bhán) in éineacht le húire a chomhlánaítear le nótaí diana caor a dhíorthaítear ó choipeadh mall agus ó aibiú ar mhoirt mhín. Maireann an t-iarbhlas le himireacha peitil róis agus suibhe peiteal róis.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	4,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

4. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Léiríonn na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán fíneáltacht, le broidearnach leanúnach agus braoiníní bríomhara ar dtús a éiríonn níos míne fós ach a fhanann marthanach. Bíonn réimse dathanna idir buí scothghlas agus buí geal na tuí orthu; bíonn imireacha idir bándearg éadrom agus bándearg meánach ar na fíonta *rosé* súilíneacha, agus toin choiréil orthu uaireanta, ag brath ar na cineálacha a úsáidtear. Bíonn dea-bholaithe bláthanna orthu – peitil róis agus bláth an chrainn silíní – in éineacht le nótaí silíní bána agus súitha talún fiáine, agus ruainnín fíneálta spíosrachta ó am go chéile. Léiríonn na fíonta sin cothromaíocht mhaith idir torthaí agus eilimintí bláthanna, aigéadacht bhríomhar agus iarbhlas suntasach ina bhfuil silíní agus súitha talún fiáine. Léiríonn siad dea-bholaithe coipthe bláthanna, meala

agus féir thirim éadroim freisin. Forbraíonn fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 9 mí ar an moirt nótaí uathalaíocha crústa aráin, agus mar gheall ar aosú níos faide ar an moirt bíonn miondifríochtaí ann ar nós *patisserie* agus *brioche*. Taispeánann na fíonta geala agus *rosé* nótaí almóinne, úll buí agus róis freisin, agus taispeánann na fíonta dearga dea-bholaithe torthaí foraoise (sútha talún fiáine, sméar dhubh, fraochán gorm) agus sútha talún. Sa bhéal, léiríonn na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán blasanna torthaí den chuid is mó (úll, péitseog, pomaló agus mealbhacán), as a dtagann iarbhlas fada ina mbíonn blasanna bláthanna acáise agus féir líomóidigh le brath arís sna fíonta geala agus *rosé*, in éineacht le nótaí caor aibí (sméar dubh agus fraochán gorm) agus suibhe. Tá an aigéadacht go breá cothrom, le hiarbhlas fada agus comhchuibheacht fhoriomlán idir úire agus aibíocht.

Ag teocht 20 °C tá brú barrachais 3,5 bar ar a laghad de dhé-ocsaíd charbóin ar thuaslagadh ag na fíonta.

Tá a n-aigéadacht luaineach laistigh de na teorainneacha a cheadaítear le reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,00
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	11,00
Aigéadacht iomlán íosta	3,5 milleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Toirmisctear saibhriú i dtáirgeadh fíonta ar a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh cláraithe ‘Segarcea’.

Toirmisctear aon mhéadú ar neart alcóil nádúrtha de réir toirte an úrfhíona fíonchaor, úrfhíon fíonchaor leathchoipthe nó fíona atá á choipeadh.

2. Cleachtais saothraithe

Cleachtas saothraithe

— I bhfíonghoirt nuabhunaithe, ní mór an dlús plandaithe a bheith ag 4 132 fíniúin in aghaidh an heicteáir ar a laghad.

— Treoraítear fíniúnacha ar an stoc faoi chórais neamhchosanta nó leathchosanta; is í an fhoirm mholta treorú Guyot ar an stoc, le tródaim agus géaga aontaobhacha nó dhéthaobhacha a dhéantar a ionadú ó am go chéile.

— Bíonn prúnáil fada nó measctha, agus ualach bachlóg uasta 15 bhachlóg in aghaidh an mhéadair chearnaigh ann.

b. *Uastáirgeacht*

1. Fetească alba, Fetească regală, Riesling Italian, Riesling de Rhin, Sauvignon, Viognier, Pinot gris, Chardonnay

14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Tămâioasă românească, Tămâioasă roză

14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Pinot noir, Merlot, Syrah, Fetească neagră, Marcelan, Negru de Drăgășani, Touriga nacional, Cabernet Franc, Cabernet Sauvignon

   12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Fetească alba, Fetească regală, Riesling Italian, Riesling de Rhin, Sauvignon, Viognier, Pinot gris, Chardonnay

   112 heictilítear in aghaidh an heicteáir

5. Tămâioasă românească, Tămâioasă roză

   112 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. Pinot noir, Merlot, Syrah, Fetească neagră, Marcelan, Negru de Drăgășani, Touriga nacional, Cabernet Franc, Cabernet Sauvignon

   96 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Dolj:

— baile Segarcea;

— bardas Lipovu, lena n-áirítear sráidbhailte Lipovu agus Lipovu de Sus;

— bardas Cerat, lena n-áirítear sráidbhailte Cerat agus Malaica;

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Cabernet Franc N

Cabernet Sauvignon N – Petit Vidure, Bourdeos tinto

Chardonnay B – Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Fetească albă B – Păsărească albă, Poama fetei, Madchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N – Schwarze Madchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B – Konigliche Madchentraube, Konigsast, Ktralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Marcelan N

Merlot N – Bigney rouge, Plant Medoc

Negru de Drăgășani N

Pinot Gris G – Affumé, Grau Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot Noir N – Blauer Spätburgunder, Blauer Burgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klävner Morillon Noir

Pinot noir N – Spätburgunder, Pinot nero

Riesling de Rhin B – Weisser Riesling, White Riesling, Riesling Renano, Rheinriesling

Riesling italian B – Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sauvignon B – Sauvignon Blanc

Syrah N – Shiraz, Petit Syrah

Touriga Nacional R

Tămâioasă românească B – Rumanische Weihrauchtraube, Tamianka, Tămâioasă albă de Drăgășani

Tămâioasă roză Rs – Muscat rouge de Frontignan

Viognier B – Bergeron, Barbin, Rebolot, Greffou, Picotin Blanc, Vionnier

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir gheografaigh*

Tosca nádúrtha

Tá limistéar fíonsaothrúcháin Segarcea mar chuid de réigiún fíona Munteniei și Olteniei (Cnoic Oltenia agus Muntenia). Tá sé lonnaithe sa Mhacaire Rómánach, 29 km ó dheas ó chathair Craiova ag airde 145 m den chuid is mó. Tá Segarcea suite ag domhanleithead 44°10′ ó thuaidh agus domhanfhad 23°72′ soir. Tá sé sa chuid lárnach de Mhachaire Oltenia ar an idirdhroim idir an Jiu (ó thoir) agus an Desnățui (ó thiar), agus tá sé mar chuid de Mhachaire Desnățui. Tugtar Machaire Segarcea ar an idirdhroim sin. Machaire Desnățui a thugtar ar Mhachaire Segarcea agus ar Mhachaire Băileşti le chéile. Tá easpa tír-raon aeólach (séidte ag an ngaoth) i Machaire Segarcea agus áirítear ann machaire Phíodmant Sălcuța agus léibhinn abhann na Danóibe, nach síneann ach cúig cinn díobh (as ocht gcinn san iomlán) soir ón Desnățui freisin.

Tá na fíonghoirt le fáil ar an gcuid is faide ó dheas de mhachaire Phíodmant Sălcuța agus ar an bhfána a bhfuil a aghaidh ó dheas den chuid is mó lena gcruthaítear an t-aistriú idir an tríú léibheann san Danóib agus machaire ardaithe Sălcuța. Tá na háiteanna is airde sa limistéar anseo: Dealul Viilor (151,7 m) agus Dealul Robului (150,3 m). Is iad seo a leanas na cineálacha ithreacha atá i limistéar fíonsaothrúcháin Segarcea: gnathsheornaiseoim chambaigh, seornaiseoim chambaigh chreimithe agus ithreacha creimthe (ar na fánaí). Ó thaobh na geolaíochta de agus i dtéarmaí liteolaíocht sil-leagan dromchla, tá Machaire Oltenia Leiveantach (deireadh an Phléicéinigh) in aois i leith fhoirmiú na chéad talún tirime, ach tá sé Ceathartha i leith próisis samhaltaithe ina dhiaidh sin.

Is éard atá san ábhar liteolaíoch den chuid is mó sil-leagain ar nós lóis, dríodair shíolta chréúla ón aois Phléisticéineach agus créanna gainmheacha ar mhórán carbónáite. Taisceadh an t-ábhar glárach agus díghlárach sin, sa ré Cheathartha, sna tréimhsí idiroighreacha. Cruthaíonn na sil-leagain sin sraith a bhfuil a tiús idir cúpla ceintiméadar agus 8-15 m, agus forshrathnaithe le sil-leagain Dúrabháin Ghainmheacha, ghainmheacha nó mharla-ghaineamhacha Leiveantacha níos sine.

Laistigh den limistéar sin, tá criosanna ann a ndéanann próisis dhíleghláracha shuntasacha difear dóibh. Baineann sil-leagain dhíleghláracha le díláithriú sil-leagan Pléisticéineach a bhí ann cheana trí ghníomhaíocht rith chun srutha ó dhromchla idirleata i bhfoirm bratscuabtha mar thoradh ar bháisteach agus leá sneachta, agus faoi thionchar domhantarraingthe (intitim agus sciorrthaí talún). I limistéir áirithe, cumhdaíonn sil-leagain dhíleghláracha go hiomlán gleannta nach bhfuil draenáil líneach domhanfhaid acu, le fánaí atá ésasca a chobhsú agus a úsáid le haghaidh talmhaíochta. Tá an aeráid idir measartha agus ilchríochach, le tionchair bheaga na Meánmhara a bhfuil samhraí teo, tirime agus earraigh agus fómhair shéimhe mar shaintréith acu, a eascraíonn as aermhaiseanna thiar agus thiar theas a bheith ann go minic, agus bíonn tionchar ag aermhaiseanna trópaiceacha theas agus aermhaiseanna oirthear na hEorpa orthu freisin. Is é 11,6 °C an mheánteocht ilbhliantúil, agus is é 24,1 °C meánteocht na míosa is teo, agus luachanna idir 22,7 °C agus 26,8 °C i gceist. Is é 565 mm (meán 50 bliain) suim na frasaíochta bliantúla, a dtiteann 281 mm di le linn an tséasúir fáis.

Tosca daonna

Leis an mbuaint, agus ina dhiaidh sin maothú-choipeadh i soithí coipthe le fuílleach caidéil (*remontage*), mar aon le rialú cúramach ar theochtaí coipthe agus ar an líon fuílleach caidéil, tá sé beartaithe fíonta torthaíocha a tháirgeadh ag a bhfuil tainniní níos ísle. Tarlaíonn aibiú go príomha in umair cruach dosmálta, le haosú páirteach i mbairillí darach, ar feadh meántréimhse idir 6 mhí agus 8 mí. Idir an raon leathan dea-bholaithe a eascraíonn as maothú breisithe beagnach 8 seachtaine agus aibiú ar feadh 8 go 18 mí i mbairillí darach, bíonn nótaí idir bolaithe subhúla agus caora úra agus fanaile orthu. A luaithe a bhuaintear iad, déantar maothú teagmhála craicinn ar na fíonchaora le haghaidh fíonta geala ag 8-10 °C, agus coipeadh mall ina dhiaidh sin in umair cruach dosmálta faoi rialú teochta ag 15-18 °C. De ghnáth bíonn aosú ar mhoirt mhín ar bun idir 3 agus 5 mhí, cé go bhféadfadh sé a bheith teoranta do 21-30 lá i gcásanna áirithe. San fhíonghort, roghnaíonn saothróirí cineálacha oiriúnacha agus bainistíonn siad péacáin chun táirgeacht in aghaidh na fíniúna a bharrfheabhsú. Is tosca tábhachtacha iad tanú braislí agus baint roghnaíoch duilleog timpeall na mbraislí fíonchaor a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht na bhfíonchaor, toisc go gcuireann siad feabhas ar nochtadh na gréine agus go gcuireann siad aibiú aonfhoirmeach agus carnadh siúcra chun cinn. Úsáidtear cur chuige measartha chun dó gréine agus seargadh caor a chosc agus chun an tiúchan siúcra is fearr is féidir a choinneáil ar bun.

Chun fíonóireacht optamach a áirithiú, déantar cáilíocht buainte a bhainistiú go cúramach trí dhianfhaireachán a dhéanamh ar pharaiméadair amhail leibhéil siúcra agus aigéadacht. Leis an gcur chuige sin, táirgtear fíonta súilíneacha cothroma ar ardchaighdeán ag a bhfuil broidearnach mhín, braoiníní bríomhara agus dea-bholaithe coipthe bláthanna, meala agus féir thirim éadroim, arna gcomhlánú le nótaí uathalaíocha almóinne agus úill bhuí. Le

scil an fhíoneolaí agus na cleachtais fhíoneolaíocha a úsáidtear, in éineacht leis na dálaí ithreach agus aeráide, cruthaítear sraith tosca a chumasaíonn táirgeadh fíonta tathagacha torthaíocha a bhfuil saintréithe cineáil so-aitheanta acu. Roghnaíonn saothróirí an t-uainiú buainte is fearr chun a áirithiú go gcaomhnaíonn cáilíocht an bhairr na saintréithe cineáil. Is féidir le fíonchaora a tháirgtear ó chineálacha *Vitis vinifera* atá beangaithe ar fhréamhstoic iomchuí agus atá suite go cúramach de réir acmhainneacht nádúrtha na talún torthaí suntasacha a bhaint amach i dtáirgeadh fíonta ar ardchaighdeán.

8.2. *Mionsonraí faoin táirge*

Bíonn idir dath buí na tuí agus scothghlas ar na fíonta geala, lena mbaineann dea-bholaithe diana bláthanna acáise, agus nótaí féir agus bláth troim ón gcoipeadh fada, agus nótaí torthaí andúchasacha agus péitseoga. Sa bhéal, bíonn na fíonta úr, bíonn aigéadacht citris os cionn an mheáin acu agus blasanna blátha acáise, meala agus torthaí dea-aibithe, rud as a dtagann iarbhlas fada fairsing a dtacaíonn struchtúr soladach leis le nótaí torthaí agus ime, *brioche* te, citreas agus cnónna coill atá díreach tóstáilte. Tugann na fíonta aramatacha cumhracht chasta rósanna agus laíon torthaí milse uathu, tá dea-bholaithe clasaiceacha Muscat orthu, agus táúire bhríomhar agus struchtúr iomlán acu mar gheall ar a n-aigéadacht shainiúil. Is iad torthaí dearga (silín, sú craobh agus sútha talún) agus spíosracht is mó a bhíonn le brath sa tsrón i gcás na bhfíonta dearga agus *rosé*, rud a léiríonn cothromaíocht mhaith idir torthaí agus liocras. Tá tainniní maothlacha, dea-chomhtháite, measartha acu agus tá blas tathagach sa bhéal orthu. Forbraíonn na fíonta a aosaítear i mbairillí nótaí caor, luibheanna aramatacha, adhmaid agus fanaile. Idir an raon leathan dea-bholaithe a eascraíonn as maothú breisithe beagnach 8 seachtaine agus aibiú ar feadh 8 go 18 mí i mbairillí darach, bíon nótaí idir nótaí subhúla agus caora úra agus fanaile orthu.

Táirgeadh fíon súilíneach ar ardchaighdeán i limistéar Segarcea tríd an dara coipeadh i mbuidéal, agus úsáid á baint as an modh clasaiceach, breis agus céad bliain ó shin, agus díoladh é ar na margaí intíre agus eachtracha. Tháirg fíonlann an teaghlaigh ríoga fíon súilíneach den chaighdeán is airde in Segarcea roimh an gCéad Chogadh Domhanda (de réir an fhoilseacháin *Buletinul Agriculturii* [Feasachán Talmhaíochta], Iml. IV, 1923).

Táirgtear fíonta súilíneacha tríd an modh coipthe sa bhuidéal agus tríd an modh coipthe in umar, atá níos nuaí agus i bhfad níos inrochtana, a dhéantar in umair nó uathchláibh 'acrotofor'. Léiríonn na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán broidearnach mhín, le braoiníní láidre ar dtús a éiríonn níos míne fós ach a fhanann marthanach. Bíonn réimse dathanna ar na fíonta súilíneacha geala idir buí scothghlas agus buí geal na tuí, agus bíonn fordhathanna idir bándearg éadrom agus bándearg measartha ar na fíonta súilíneacha *rosé*, ag brath ar an gcineál fíniúna nó ar na cineálacha óna bhfaightear iad, agus dath an choiréil ag teacht orthu uaireanta. Sa tsrón, léiríonn na fíonta nótaí bláthanna nó torthaíocha agus blas soiléir úire, mar aon le déine mheasartha torthaí. Gabhann nótaí silíní bána agus sútha talún fiáine le dea-bholaithe bláthacha peitil róis agus bláthanna an chrainn silíní, in éineacht le miondifríochtaí spíosracha fíneálta ó am go chéile. Tá cothromaíocht mhaith idir gnéithe torthaí agus bláthanna, agus iarbhlas ina bhfuil torthaí dearga aibí (silín, sútha talún fiáine agus sú craobh). Léiríonn siad freisin dea-bholaithe coipthe meala agus féir thirim éadroim. Forbraíonn fíonta a aosaítear ar feadh níos mó ná 9 mí ar an moirt nótaí uathalaíocha crústa aráin, agus mar gheall ar aosú níos faide ar an moirt bíonn miondifríochtaí ann ar nós *patisserie* agus *brioche*. Taispeánann na fíonta geala agus *rosé* nótaí almóinne, úill bhuí agus róis freisin, agus taispeánann na fíonta dearga dea-bholaithe torthaí foraoise (sútha talún fiáine, sméar dhubh, fraochán gorm) agus sútha talún. Sa bhéal, léiríonn na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán blasanna torthaí den chuid is mó (úll, péitseog, pomaló agus mealbhacán), as a dtagann iarbhlas fada ina mbíonn blasanna bláthanna acáise agus féir líomóidigh le brath arís sna fíonta geala agus *rosé*, in éineacht le nótaí caor aibí (sméar dubh agus fraochán gorm) agus suibhe. Tá an aigéadacht go breá cothrom, le hiarbhlas fada agus comhchuibheacht fhoriomlán idir úire agus aibíocht.

8.3. *Idirghníomhaíocht chúisíoch idir an táirge agus limistéar*

Is gnéithe aeráide fíor-riachtanacha iad fad sholas na gréine, teocht chomhthimpeallach agus frasaíocht le haghaidh limistéar fíonsaothrúcháin agus bíonn tionchar cinntitheach acu ar phróisis bhitheolaíocha, fhiseolaíocha agus bhithcheimiceacha na fíniúna, rud a dhéanann difear do cháilíocht na bhfíonta a fhaightear in Segarcea. Tá cion ard carbónáite cailciam sa chuid is mó de na hithreacha sa limistéar fíonsaothrúcháin agus tá siad lán le hocsaídí iarainn. Mar thoradh air sin, léiríonn na fíonta dearga a fhaightear anseo dath gealdhearg, fíneáltacht, pearsantacht agus acmhainneacht aosaithe. Bíonn na fíonghoirt nochta ó dheas, siar ó dheas nó soir ó dheas de ghnáth agus bíonn siad lonnaithe go príomha ar fhánaí atá cuibheasach réidh agus ar ardchláir.

Socraítear limistéar fíonsaothrúcháin Segarcea mar amfaitéatar a bhfuil a aghaidh ó dheas, lena n-áirithítear an líon an-ard uaireanta gréine le linn an timthrialla fáis, ó bhachlóg a bheith air san earrach go dtí tús na suanachta. Maidir leis na hithreacha seornaiseoim, atá os cionn aolchloiche agus iar-shil-leagan mhuirí, soláthraíonn siad aigéadacht leordhóthanach chun saintréithe torthaí dea-aibithe a chothromú, go háirithe i gcineálacha fíniúna atá fabhrach do nochtadh gréine níos mó. Tá ról tábhachtach ag leibhéil arda gréine, acmhainní héiliteirmeacha flúirseacha agus

frasaíocht íseal i gcáilíocht an fhíona, rud a fhágann go mbíonn dea-bholaithe diana torthaí dearga orthu agus stóinseacht agus úire i gceist leo. Tá an meascán de dhálaí ithreach agus aeráide fabhrach do tháirgeadh fíonta a bhfuil saintréithe réigiúnacha sainiúla iontu, ina bhfuil nótaí torthaí orthu agus acmhainneacht ard aosaithe acu. Leis an táirgeadh fíonchaor atá bunaithe ar *Vitis vinifera* agus é beangaithe ar fhréamhstoc, agus suite go cúramach de réir acmhainneacht na talún, is féidir fíonta ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Maidir leis na fíonta geala, a tháirgtear ó fhíonchaora ar a ndéantar maothú teagmhála craicinn ag suas le 10 °C, agus ina dhiaidh sin coipeadh mall in umair cruach dosmálta faoi rialú teochta agus aosú ar mhoirt mhín ar feadh 3 go 5 mhí, tá dath buí na tuí orthu ina bhfuil gealáin ghlasa agus tá dea-bholaithe diana bláthanna acáise úra orthu. Leis an aosú ar mhoirt mhín in umair, mar aon leis an gcoipeadh leathnaithe, tugtar nótaí féir agus bláthanna troim, torthaí andúchasacha agus péitseoige dó sa tsrón agus sa bhéal araon. Úire agus brisce is mó atá sa bhlas, agus tá aigéadacht citris os cionn an mheáin ann, mar aon le cothromaíocht mhaith idir nótaí bláthanna agus torthaí, agus iarbhlas fada marthanach, ag a bhfuil tacaíocht ó struchtúr daingean blasanna torthaí aibí, ime, *brioche* te, torthaí bána, citris agus cnónna coill atá díreach rósta.

Léiríonn na fíonta aramatacha tipiciúla, a tháirgtear go príomha i stíleanna tirime agus leath-thirime ó fhíonchaora a bhuaintear de láimh, cumhracht chasta idir rós agus laíon torthaí milse agus bláthanna bána agus dea-bholaithe clasaiceacha Muscat. Bíonn siad bríomhar agus bíonn struchtúr iomlán acu a dtacaíonn a n-aigéadacht shonrach leis. Maidir leis na fíonta dearga/*rosé*, baintear na fíonchaora go meicniúil, agus cuirtear teicnící fíonóireachta traidisiúnta i bhfeidhm chun eastóscadh níos mó datha agus tainniní a cheadú. Déantar na fíonta a aibiú ar feadh meántréimhse de 6-8 mí i mbairillí darach chun na dea-bholaithe a thagann ón teagmháil leis an adhmad a chomhtháthú iontu. Forbraíonn an t-aosú sin cumhracht ina mbíonn torthaí (silín, sú craobh agus sútha talún) agus spíosracht chun tosaigh, rud a léirítear sa tsrón agus sa bhéal araon. Sa bhéal, léiríonn na fíonta cothromaíocht mhaith idir torthaí agus liocras, le rianta fíneálta d'adhmad tóstáilte, agus tainniní maothlacha, dea-chomhtháite. Tá siad tathagach, agus nótaí caor agus luibheanna aramatacha acu, nótaí arna gcomhlánú le hadhmad agus fanaile sna fíonta a aosaítear i mbairillí. Leis an mbuaint, agus ina dhiaidh sin maothú-choipeadh i soithí coipthe le fuílleach caidéil, mar aon le rialú cúramach ar theochtaí coipthe agus ar an líon fuílleach caidéil, tá sé beartaithe fíonta torthaíocha a tháirgeadh ag a bhfuil tainniní níos ísle. Déantar an t-aosú in umair cruach dosmálta den chuid is mó, le haibiú páirteach i mbairillí darach, ar feadh 6 go 8 mí de ghnáth. Idir an raon leathan dea-bholaithe a eascraíonn as maothú breisithe beagnach 8 seachtaine agus aibiú ar feadh 8 go 18 mí i mbairillí darach, bíonn nótaí idir bolaithe subhúla agus caora úra agus fanaile acu.

Tagann sainiúlacht an fhíona shúilínigh ar ardchaighdeán ó shaintréithe an úrfhíona fíonchaor agus an bhunfhíona as a ndéantar é, a bhfuil an dá cheann acu nasctha go dlúth le cineálacha fíniúna a thairbhíonn de leibhéil níos airde gréine, acmhainní héiliteirmeacha láidre agus frasaíocht íseal. Is toisc cháilíochta thábhachtach iad ithreacha na bhfíonghort, atá lán le carbónáit chailciam, ina bhfuil sraitheanna substaintiúla aolchloiche agus ocsaídí iarainn, toisc go bhfuil siad fabhrach do tháirgeadh fíonta súilíneacha eastóscacha dea-struchtúrtha ar ardchaighdeán a bhfuil saintréithe aramatacha bláthacha iontu (bláth acáise, silíní agus rós), saintréithe arna gcomhlánú le nótaí meala agus almóinne agus blasanna torthaí úill bhuí, silíní, sútha talún fiáine agus sútha craobh, agus nótaí citris.

Leis an meascán d'aeráid mheasartha ilchríochach (lena n-áirithítear úire agus aibíocht araon), dálaí ithreach (seornaiseoim ar mhórán carbóin agus seornaiseoim thipiciúla ar shubstráití lóis lena soláthraítear cothromaíocht mhaith cothaitheach), cleachtais saothraithe (roghnú cineálacha, dlús fíniúnacha, bainistiú ceannbhrait agus cinntí buainte), mar aon le cleachtais fhíoneolaíocha agus scil an fhíoneolaí, áirithítear úire agus dea-bholadh iomlán torthaíoch na bhfíonta geala agus *rosé*, agus forbairt tainniní séimhe. Tionchar na fíonaeráide – a bhfuil codarsnachtaí suntasacha idir an geimhreadh agus an samhradh, samhraí an-te, fómhair fhada agus báisteach mhíchothrom annamh mar chuid di — cuireann sé dea-bholaithe torthaí cineáil a léirítear go soiléir sna fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíon ina bhfuil gaol ardcothromaithe idir aigéadacht, alcól agus siúcra, blasanna torthaí dea-aibithe agus citris úir, agus tainniní séimhe.

9. **Ceanglais shonracha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Dálaí margaíochta

Creat dlíthiúil

sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Maidir le lipéadú na bhfíonta, féadfar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint Segarcea a fhorlíonadh, de rogha na dtáirgeoirí, le ceann amháin de na hainmneacha fíonghoirt aonair seo a leanas: Dealu Robului, Pietriceaua, Grădina Popești, Dealu Viilor, Malaica, Plaiu Viilor, La Carieră, La Tufan, Dealu Lipovului.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/2025-12/caiet-sarcini-doc-segarcea-modif-uniune_--cf-notif-com-02.12.2025_-no-track-changes.pdf